

# Staidéar Idirnáisiúnta ar an Oideachas Saoránachta agus Saoránaíochta (ICCS)

## Eolas don Fhoireann i Scoileanna atá Roghnaithe le bheith Rannpháirteach

Is féidir tuilleadh cóipeanna den bhileog eolais (i bhformáid PDF) seo a íoslódáil ó <http://www.erc.ie/iccs>

### Cad é an ICCS?

Is staidéar comparáideach idirnáisiúnta é an ICCS ar oideachas saoránachta agus saoránaíochta i scoileanna iarbhunoideachais. Tá sé ar siúl de bharr go bhfuil imní atá ag teacht ar dhaoine i ndáil le saoránacht ghníomhach agus le hoideachas ag leibhéil idirnáisiúnta, ag leibhéil AE agus ag leibhéil náisiúnta. Tá sé seo léirithe in Éirinn i dTuarascáil an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach (Aibreán, 2007), a mhol go mbeadh Éire rannpháirteach san ICCS.

Is é cuspóir an ICCS na bealaí ina bhfuil daoine óga (daltaí na dara bliana) á n-ullmhú le tabhairt faoina gcuid ról mar shaoránaigh a fhiosrú. Bailíonn ionstraimí an ICCS faisnéis maidir le heolas atá ag na daltaí agus a gcuid tuairimí faoi mhórchéisteanna saoránachta agus saoránaíochta. Tógann an ICCS ar staidéir idirnáisiúnta ar oideachas saoránaíochta eile roimhe seo, go háirithe CIVED, a bhí ar siúl in 1999.

Tá an ICCS á fheidhmiú in Éirinn ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ag an bhForas Taighde Ar Oideachas (Droim Conrach, Baile Átha Cliath). Tá an cur i gníomh á stiúradh ag coiste comhairleach náisiúnta. Tá tacaíocht á fháil ag an staidéar ó comhpháirtithe éagsúla, an ASTI agus an TUI ina measc.

### Cad iad na córais oideachais a bheidh rannpháirteach?

Is iad na 38 córas oideachais a bheidh rannpháirteach sa ICCS:

An Ostair	An Ghréig	An Ísiltír	An Bhreatain
An Bheilg (Pléimeannach)	Guatamala	An Nua-Shéalainn	An Eastóin
An Bhulgáir	Hong Cong-An tSín	An Iorua	An Fhionlainn
An tSile	An Indinéis	Paragua	Lucsamburg
Taipei na Síne	Éire	An Pholainn	Málta
An Cholóim	An Iodáil	Cónaidhm na Rúise	Meicsiceo
An Chipir	Poblacht na Cóiré	Poblacht na Slóvaice	An Eilvéis
Poblacht na Seice	An Laitvia	An tSlóivéin	An Téalainn
An Danmhairg	Lichtinstéin	An Spáinn	
An Phoblacht Dhoiminiceach	An Liotuáin	An tSualainn	

### Cé hiad na rannpháirtithe?

Tugadh cuireadh do shampla randamach de 160 scoil a bheith rannpháirteach. Roghnófar go randamach i ngach scoil, rang amháin dara bliana (nó dhá rang i scoileanna móra) ó ranganna ar fad na bliana sin. Roghnófar go randamach freisin, suas le 15 múinteoir daltaí dara bliana. Mar gheall go bhfuil fócas an staidéir ar an gcomhthéacs leathan scoile agus ranga atá ag an oideachas saoránachta agus saoránaíochta, d'fhéadfadh múinteoirí réimsí na múinteoirí sna réimsí ábhar ar fad a bheith sa staidéar, agus ní múinteoirí CSPE amháin. Tabharfar cuireadh do phríomhoidí scoile (nó a n-ionadaithe) ceistiúchán gearr a chomhlánú. Táthar ag súil go mbeidh ar an iomlán thart ar 6,000 scoil, 130,000 dalta agus 85,000 múinteoir ag glacadh páirt sa staidéar ar fud an domhain.

## **Cad a iarrfar ar dhaltáí agus ar fhoireann na scoile a dhéanamh?**

Beidh daltaí páirteach i meascán le linn tréimhse dhá uair an chloig ar aon lá amháin scoile i mí Feabhra. Duine d'fhoireann na scoile a roghnóidh an príomhoide a bheidh ag riar na n-ionstraimí. Déanfar íocaíocht dhá lá de chlúdach ionadaíochta i leith na hoibre seo. Cuirfear oiliúint ar fáil roimh ré do mhúinteoirí a bheidh ag riar na dtástálacha le linn leathlae i mí na Nollag/Eanáir.

### **Ábhair a bheidh á riaradh ar dhaltáí**

*Leabhrán Tástála:* Tá meascán de mhíreanna ilroghnacha agus de mhíreanna gearra scríofa sa tástáil a mhaireann 45 nóiméad, agus clúdaíonn sé réimse ábhair a bhaineann le hoideachas saoránachta agus saoránaíochta. Ní gá do dhaltáí ullmhúchán a dhéanamh don tástáil roimh ré. Is féidir samplaí a fháil de na cineálacha ceisteanna a bhíonn sa tástáil ag: [www.erc.ie/iccs](http://www.erc.ie/iccs)

*An Ceistiúchán:* Bailíonn an Ceistiúchán a mhaireann 40 nóiméad eolas maidir le tuairimí, luachanna agus dearcáí na ndaltáí ar oideachas saoránachta agus saoránaíochta i dteannta le heolas maidir leis an gcúlra baile, agus le gníomhaíochta laistigh agus lasmuigh den scoil.

*An Modúl Eorpach:* Iarrfar ar dhaltáí ó thíortha san Eoraip, lena n-áirítear Éire, Modúl Eorpach 20 nóiméad, a chlúdaíonn ábhair faoin Eoraip, a chomhlánú.

### **Ábhair a bheidh á Riar ar Phríomhoidí Scoile agus ar Mhúinteoirí:**

Tabharfar cuireadh do phríomhoidí scoile Ceistiúchán Scoile 30 nóiméad a chomhlánú, agus tabharfar cuireadh do mhúinteoirí roghnaithe atá ag múineadh daltaí dara bliana Ceistiúchán Múinteora 30 nóiméad a chomhlánú.

Cuidíonn rátaí freagartha arda le caighdeán na sonraí a chinntiú, tráth a gcuireann rátaí freagartha ísle torthaí na hÉireann i mbaol a bheith fágtha as áireamh i dtuarascálacha idirnáisiúnta. Mar sin, tá comhoibriú agus rannpháirtíocht na bpríomhoidí, na múinteoirí agus na ndaltáí tábhachtach, agus táimid thar a bheith buíoch as.

## **Conas a bhainfear úsáid as an eolas?**

Coinneofar gach eolas a bhailítear faoi rún. Ní bheifear in ainm a chur ar scoileanna, ar mhúinteoirí ná ar dhaltáí, mar, seachas nuair a bhíonn an tástáil á riaradh sa scoil, bainfear úsáid as uimhreacha aitheantais in ionad ainmneacha i ndáil le haitheantas. Bainfear úsáid as na torthaí le tréithe grúpaí móra scoileanna, múinteoirí agus daltaí a thuairisciú (mar shampla, dearcach cailíní i gcomparáid le dearcadh buachaillí) seachas tréithe scoileanna aonair, múinteoirí agus daltaí.

## **Amlíne**

*Eanáir 2008:* Bhí Tástáil Allamuigh ICCS ar siúl. In Éirinn bhí 28 scoil agus 553 dalta rannpháirteach.

*Feabhra 2009:* Feidhmiú an phríomhstaidéir.

*Meitheamh 2010:* Eisiúint na bhfoilseacháin – lena n-áirítear tuarascáil idirnáisiúnta, tuarascáil ar an Modúl Eorpach, agus tuarascáil náisiúnta d'Éirinn.

## **Cad a bheidh á fháil ag na rannpháirtithe?**

Daltaí: Teastas rannpháirtíochta, bronntanas beag (peann) agus ticéad le haghaidh duaistarraingt (beidh dearbhan €50 d'aon dalta amháin i ngach scoil a ghlacann páirt).

Scoileanna: Teastas rannpháirtíochta, aiseolas ar na torthaí ag leibhéal na scoile, agus cóip den tuarascáil náisiúnta.

## **Le tuilleadh eolais a fháil**

Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an ICCS d'Éirinn ag <http://www.erc.ie/iccs>

Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin idirnáisiúnta an ICCS ag <http://iccs.acer.edu.au>

Déan teagmháil le Jude Cosgrove nó le Lorraine Gilleece: ríomhphost [iccs@erc.ie](mailto:iccs@erc.ie) teileafón 01 806 5217 nó 806 5201